Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/755 1.3.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/755 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29 Feabhra 2024**

**maidir le síneadh a chur leis an maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara a dheonaítear do shaighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach agus ar mhac siobháin Ferrer (*Aphia minuta* agus *Pseudaphia ferreri*) agus ar an bpicréal (*Spicara smaris*) in uiscí teorann áirithe de chuid na Spáinne (na hOileáin Bhaileáracha)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, cuirtear toirmeasc ar threalamh iascaireachta tarraingthe a úsáid laistigh de 3 mhuirmhíle amach ón gcósta nó laistigh den iseabat 50 m i gcás ina mbaintear amach an doimhneacht sin níos giorra don chósta.

(2) Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún maolú ar Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(5) agus (9) den Rialachán sin.

(3) Rinne an Coimisiún maolú ar Airteagal 13(1), an chéad fomhír, maidir le húsáid saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach agus ar mhac siobháin Ferrer (*Aphia minuta* agus *Pseudaphia ferreri*) agus ar an bpicréal (*Spicara smaris*) laistigh d'uiscí teorann na Spáinne de chuid na nOileán Bailéarach a cheadú den chéad uair go dtí an 6 Nollaig 2016 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1233/2013 ón gCoimisiún ([2]). Deonaíodh síneadh leis an maolú sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/662 ón gCoimisiún ([3]), a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2019. Deonaíodh síneadh breise leis an maolú sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1243 ón gCoimisiún ([4]), a chuaigh in éag an 30 Aibreán 2023.

(4) Leasaigh Comhphobal Neamhspleách na nOileán Bailéarach a phlean bainistithe an 31 Bealtaine 2021 ([5]) agus chuir sé tuarascálacha faireacháin maidir lena chur chun feidhme isteach i mí na Samhna 2021, i mí Eanáir agus i mí an Mheithimh 2023. Tar éis na dtuarascálacha ó CETEI, d'iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh leis an maolú i mí Dheireadh Fómhair 2023.

([1]) IO L 409, 30.12.2006, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1967/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1233/2013 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2013 lena mbunaítear maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach agus ar mhac siobháin Ferrer (*Aphia minuta* agus *Pseudaphia ferreri*) agus ar an bpicréal (*Spicara smaris*) in uiscí teorann áirithe de chuid na Spáinne (na hOileáin Bhailéaracha) (IO L 322, 3.12.2013, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1233/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/662 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2019 lena gcuirtear síneadh leis an maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach agus ar mhac siobháin Ferrer (*Aphia minuta* agus *Pseudaphia ferreri*) agus ar an bpicréal (*Spicara smaris*) in uiscí teorann áirithe de chuid na Spáinne (na hOileáin Bhailéaracha) (IO L 112, 26.4.2019, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/662/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1243 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2020 maidir le síneadh a chur leis an maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach agus ar mhac siobháin Ferrer (*Aphia minuta* agus *Pseudaphia ferreri*) agus ar an bpicréal (*Spicara smaris*) in uiscí teorann áirithe de chuid na Spáinne (na hOileáin Bhailéaracha) (IO L 286, 2.9.2020, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1243/oj).

([5]) Decreto 31/2021, de 31 de mayo, por el cual se regula el marisqueo profesional y recreativo en las Illes Balears y se modifica el Decreto 19/2019, de 15 de marzo, por el que se establece el Plan de Gestión Pluriinsular para la pesca con artes de tiro tradicionales en aguas de las Illes Balears (BOIB núm. 71, de 1 de junio de 2021, p. 184-185)

(5) Le linn an 73ú seisiún iomlánach dá chuid a reáchtáladh i mí Iúil 2023, rinne an Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) measúnú ar an iarraidh maidir le síneadh a chur leis an maolú, na sonraí tacaíochta agus na tuarascálacha faireacháin ([6]). Chuir an Spáinn na moltaí ó CETEI san áireamh, a dheimhnigh go n-úsáidfear sonraí an Chórais um Fhaireachán Soithí (VMS) chun eolas níos beaichte a fháil i dtaobh cá háit a ndéantar na tarluithe, go bhfuil conradh déanta cheana féin ag breathnóirí le haghaidh na gcéad séasúr iascaireachta eile agus go ndéantar faireachán buan tréimhsiúil ar leapacha *Posidonia* na nOileán Bailéarach ([7]).

(6) Comhlíonann an maolú a d’iarr an Spáinn na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(5) agus (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(7) Go háirithe, tá srianta sonracha geografacha ann i bhfianaise mhéid theoranta na scairbhe ilchríochaí agus mhéid theoranta na meánna intrálaeireachta, ós rud é go bhfuil an spriocspeiceas teoranta go heisiach do chriosanna áirithe sna limistéir chósta ag doimhneacht níos lú ná 50 méadar.

(8) Thairis sin, ráthaítear sa phlean bainistithe nach dtiocfaidh méadú ar an iarracht iascaireachta amach anseo, mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. Ní eiseofar údaruithe iascaireachta ach do 55 shoitheach shonraithe a bhfuil údarú iascaireacht acu cheana, nach mó ná 12 m a méid agus nach mó ná 198,5 kW a gcumhacht.

(9) Níl aon tionchar mór ag an iascach ar an muirthimpeallacht, ós rud é go dtarlaítear saighní báid sa cholún uisce agus nach mbíonn siad i dteagmháil le grinneall na farraige. Mar gheall ar úsáid sondálaithe fuaime, tá an t-iascach an-roghnaíoch agus tá líon beag foghabhálacha aige. Thairis sin, déantar gabhálacha de thaisme a scaoileadh saor láithreach agus iad beo agus gabhann inmharthanacht an-ard leo. Ní dhírítear ar cheifileapóid le saighní báid.

(10) Ní féidir tabhairt faoin iascach le trealamh eile, ós rud é gurb iad na saighní báid an t-aon trealamh rialáilte amháin a cheadaítear chun na trí spriocspeiceas sin a ghabháil agus lena mbaineann iompraíocht scolaíochta in uiscí éadoimhne cósta.

(11) Baineann an iarraidh le gníomhaíochtaí iascaireachta atá údaraithe cheana ag an Spáinn, le haghaidh soithí atá cláraithe in Áireamh Náisiúnta na Spáinne um Chabhlaigh Iascaireachta Oibríochtúla agus a bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(12) D’údaraigh an Spáinn roimhe seo maolú ar an mogallmhéid íosta a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ar bhonn chomhlíonadh cheanglais Airteagal 9(7) den Rialachán sin i bhfianaise chineál an-roghnaíoch na n-iascach lena mbaineann, i bhfianaise na héifeachta diomaibhsí atá aige sin ar an muirthimpeallacht agus toisc nach ndéanann forálacha Airteagal 4(5) den Rialachán sin difear dó.

(13) Cé gur scriosadh forálacha Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ceadaítear le hIarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 gur féidir le maoluithe ar mhogallmhéideanna íosta arna n-eisiúint faoi chuimsiú Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus a bhí i bhfeidhm an 14 Lúnasa 2019 leanúint d’fheidhm a bheith acu ar bhonn na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2019/1241.

(14) Rinne an Coimisiún measúnú ar an síneadh sin leis an maolú a d’iarr an Spáinn agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus in Iarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4, a ghabhann leis an Rialachán sin. Ní thagann meath ar na caighdeáin roghnaíochta mar thoradh ar an maolú sin, go háirithe i dtéarmaí méadú ar ghabhálacha iasc óg. Is é is aidhm dó na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (AE) 2019/1241 a bhaint amach.

---

([6]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/67497497/STECF+PLEN+23-02.pdf/94846c76-e677-408e-b23c-ec0d572a9bca

([7]) An 27 Deireadh Fómhair 2023

([8]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

(15) Comhlíonann an t-iascach lena mbaineann ceanglais Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, ós rud é go gcuirtear toirmeasc ar iascaireacht ós cionn gnáthóga *Posidonia oceanica,* méarla agus coiréilíneacha leis an bplean bainistithe.

(16) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann na ceanglais taifeadta a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle [9].

(17) Bíonn an t-iascach lena mbaineann ar siúl ag fad an-ghearr ón gcósta agus, dá bhrí sin, ní chuireann sé isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta soithí eile.

(18) Déantar an t-iascach lena mbaineann a rialú sa phlean bainistithe a ghlac an Spáinn lena áirithiú gur fíorbheag iad gabhálacha na speiceas a luaitear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241.

(19) Leis an bplean bainistithe a leasaigh an Spáinn an 15 Nollaig 2023 [10], áirítear bearta maidir le faireachán a dhéanamh ar an iascach, i gcomhréir le hAirteagal 13(9), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(20) Dá bhrí sin, ba cheart an maolú a iarrtar a dheonú.

(21) Ba cheart don Spáinn tuairisciú don Choimisiún in am trátha agus i gcomhréir leis an bplean faireacháin dá bhforáiltear sa phlean bainistithe.

(22) Trí fhad an mhaolaithe a theorannú, beifear in ann bearta bainistithe ceartaitheacha a chur i bhfeidhm go tapa i gcás ina léiríonn an faireachán ar an bplean bainistithe go bhfuil drochstádas caomhantais ag an stoc saothraithe, agus feabhas á chur ar an mbunús eolaíoch le plean bainistithe feabhsaithe. Ba cheart deireadh an mhaolaithe a shocrú ag deireadh an tséasúir iascaireachta. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an maolú go dtí an 30 Aibreán 2026.

(23) Ós rud é go ndeachaigh an maolú a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1243 in éag an 30 Aibreán 2023, chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Bealtaine 2023. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(24) Tá an Rialachán seo gan dochar do sheasamh an Choimisiúin maidir le comhlíontacht na gníomhaíochta a chumhdaítear leis an maolú seo le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 92/43/CEE ón gComhairle [11].

(25) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Maolú**

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 maidir le soithí a úsáideann saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach agus ar mhac siobháin Ferrer (*Aphia minuta* agus *Pseudaphia ferreri*) agus ar an bpicréal (*Spicara smaris*) laistigh d'uiscí teorann na Spáinne de chuid na nOileán Baileárach. Comhlíonfaidh na soithí sin na ceanglais uile seo a leanas:

(a) beidh siad cláraithe san áireamh muirí atá á bhainistiú ag Ard-Stiúrthóireacht na hIascaireachta agus Mhuirthimpeallacht na nOileán Baileárach;

[9] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

[10] Decreto 91/2023

[11] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáin a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

(b) beidh cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus ní bheidh aon mhéadú sa todhchaí ar an iarracht iascaireachta a dhéantar mar gheall orthu;

(c) beidh údarú iascaireachta acu agus feidhmeoidh siad faoin bplean bainistithe a ghlac an Spáinn i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

*Airteagal 2*

**Plean faireacháin agus tuairisciú**

Déanfaidh an Spáinn tuarascáil arna tarraingt suas i gcomhréir leis an bplean faireacháin a bunaíodh sa phlean bainistithe dá dtagraítear in Airteagal 1(c) a chur in iúl don Choimisiún den chéad uair faoin 30 Meán Fómhair 2024 agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus tréimhse chur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2023 go dtí an 30 Aibreán 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Feabhra 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN